An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

Junior CYCLE for teachers

# Staidéar Gnó

# Leabhrán Acmhainní

## Lá Cnuas Ghrúpaí FGL

## 2018 - 2019

Ionad Oideachais Mhuineachán

An Roinn Oideachais agus Scileanna | Department of Education and Skills

www.jct.ie

Clár

Torthaí Foghlama ..... 3
Seiceáil Isteach: ..... 6
Ceist Shamplach ..... 7
Córas Nua Grádaithe na Sraithe Sóisearaí ..... 7
Tacsanomaíocht Bloom i Seomra Ranga an Staidéir Ghnó ..... 8
Ag obair le Tacsanomaíocht Bloom ..... 9
Ceisteanna Éifeachtacha Féideartha ..... 9
Sampla Féideartha de Thasc Scoláire-Lárnaithe 1 ..... 10
Sampla Féideartha de Thasc Scoláire-Lárnaithe 2 ..... 12
Ceisteanna le cur san áireamh maidir le Tasc Dearaidh ..... 14
Critéir Ratha do Dhearadh Tasc ..... 14
Féininiúchadh ar Chleachtas Measúnaithe: Critéir Ratha a Úsáid ..... 15
Mo Thasc Scoláire-Lárnaithe 1 ..... 16
Mo Thasc Scoláire-Lárnaithe 2 ..... 17
Do Thasc Scoláire-Láraithe a Scafláil ..... 18
Dearcadh an tuismitheora ar Mheasúnú Foirmitheach ..... 19
Guth an scoláire sa Mheasúnú Foirmitheach ..... 20
Guth an mhúinteora sa Mheasúnú Foirmitheach ..... 21
Cén chaoi a dtacaíonn Teagasc, Measúnú agus Foghlaim le Folláine? ..... 22
MRB 2: An Próiseas ..... 23
Cur i Láthair:  Na hábhair a d’fhéadfadh a bheith i gceist ..... 23
Na Gnéithe Cáilíochta: MRB 2 (Cur i láthair) ..... 24
Cur i Láthair an Scoláire – Machnamh ar an nGníomhaíocht ..... 26
Cad é an t-aiseolas a thabharfá don scoláire seo ar a chuid oibre? ..... 26
Pointí an Chompáis: Tuairimí a Mheas ..... 27
Smaointeoireacht T-Chairt ..... 28
Dátaí Tábhachtacha MRB 2 2018 ..... 30
Dátaí Tábhachtacha MRB 1 2019 ..... 30
Beartais Úsáid Inghlactha agus Obair Scoláire a Stóráil ..... 31
Gabh ar ár Liosta Seachadta ..... 32
Athmhachnamh ar an lá ..... 33
Nótaí ..... 34

# Torthaí Foghlama

## Snáithe 1: Airgeadas Pearsanta

Díríonn airgeadas pearsanta ar an scoláire a bheith ag forbairt sraith scileanna, eolais agus luachanna a chuireann ar a chumas cinntí eolasacha a dhéanamh chun a chuid acmhainní airgeadais a bhainistiú go héifeachtach agus go freagrach. Sa snáithe seo foghlaimíonn an scoláire faoina chúrsaí airgeadais a bhainistiú, faoi iompar freagrach tomhaltóra agus faoin luach a bhaineann le hacmhainní a úsáid go heiticiúil agus go héifeachtúil chun tairbhe daoine aonair agus na sochaí.

**GNÉITHE: Mo chuid acmhainní a bhainistiú**

*Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:*

1.1 Athbhreithniú a dhéanamh ar na hacmhainní pearsanta atá ar fáil dó chun freastal ar a chuid riachtanas agus mianta, agus anailís a dhéanamh ar an méid a imríonn sásamh na riachtanas agus na n-éileamh sin tionchar ar dhaoine aonair agus ar an tsochaí

1.2 Foinsí ioncaim agus caiteachais a shainaithint agus a rangú, comparáid a dhéanamh idir na roghanna atá ar fáil chun an bainistiú is fearr a dhéanamh ar acmhainní airgeadais, measúnú a dhéanamh ar na rioscaí a bhaineann le gach rogha acu agus breithiúnais eolasacha agus fhreagracha a dhéanamh

1.3 Saolré airgeadais pearsanta a chur le chéile chun riachtanais airgeadais ag céimeanna difriúla saoil a shainaithint

1.4 Na príomhchánacha agus na príomhtháillí pearsanta a mhíniú agus an tráth agus an chúis a bhféadfaidís a theacht chun cinn a thabhairt le fios

1.5 Cúiseanna a shainaithint chun airgead a choigilt agus a fháil ar iasacht, na cúiseanna sin a cheangal le foinsí cuí airgeadais a aimsiú i ndáil lena gcuspóir, lena gcostais agus lena rioscaí

1.6 Cineálacha cuí árachais a shainaithint le haghaidh riachtanais phearsanta ar leith agus costais, tairbhí agus rioscaí a mheas

**GNÉITHE: Cúrsaí Gnó a Fhiosrú**

*Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:*

1.7 Idirdhealú a dhéanamh idir a chearta agus a fhreagrachtaí mar thomhaltóir agus léirthuiscint a bheith aige dóibh

1.8 Comparáid a dhéanamh idir na seirbhísí a sholáthraíonn gníomhaireachtaí do thomhaltóirí agus institiúidí airgeadais chun cabhrú agus chun tacú le custaiméirí

1.9 Díospóireacht a dhéanamh faoi na saincheisteanna eiticiúla agus inbhuanaitheachta a eascraíonn as an úsáid a bhaineann sé as earraí agus as seirbhísí agus measúnú a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfadh a iompar mar thomhaltóir cur le forbairt inbhuanaithe

1.10 Plé agus measúnú a dhéanamh ar an gcaoi a n-imríonn domhandú agus forbairtí teicneolaíochta tionchar ar rogha agus ar iompar tomhaltóirí

**GNÉITHE: Scileanna a Úsáid don Ghnó**

*Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:*

1.11 Duilleog phá a léirmhíniú agus dliteanas pearsanta cánach de bharr fostaíochta a ríomh

1.12 Buiséad a ullmhú agus anailís a dhéanamh air, an staid airgeadais a fháil amach, gníomhartha cuí a mholadh agus an anailís a chur i láthair i bhfoirm táblaí agus graf

1.13 Monatóireacht agus ríomh a dhéanamh ar shonraí ioncaim agus caiteachais, an staid airgeadais a fháil amach, gníomhartha cuí a mholadh agus an anailís a chur i láthair i bhfoirm táblaí agus graf

## Snáithe 2: Fiontraíocht

Spreagann an Fhiontraíocht an scoláire chun deiseanna a shainaithint agus iad a thiontú ina ngníomhaíochtaí praiticiúla spriocdhírithe taobh istigh den ghnó agus den tsochaí i gcoitinne trína thuiscint, a scileanna agus a luachanna a fhorbairt agus a úsáid. Sa snáithe seo, foghlaimíonn an scoláire faoi bheith fiontraíoch, faoi fheidhmeanna eagraíochta agus faoin timpeallacht ghnó.

**GNÉITHE: Mo Chuid Acmhainní a Bhainistiú**

*Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:*

2.1 Cineálacha difriúla fiontair airgeadais, chultúrtha agus shóisialta a shainaithint agus léirthuiscint a bheith aige don ról atá ag gach ceann acu sa tsochaí

2.2 Cur síos a dhéanamh ar scileanna agus ar shaintréithe an té atá fiontraíoch agus léirthuiscint a bheith aige do ról an fhiontraí in eagraíocht, sa tsochaí agus sa gheilleagar

2.3 Dealú idir fostaíocht, obair agus saorálaíochas, agus gnéithe, tairbhí, luach saothair agus gairmeacha laistigh díobh uile a shainaithint agus cur síos a dhéanamh orthu

**GNÉITHE: Cúrsaí Gnó a Fhiosrú**

*Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:*

2.4 Idirdhealú a dhéanamh idir cearta agus freagrachtaí an fhostóra agus an fhostaí ó thaobh seasamh dlíthiúil, sóisialta, comhshaoil agus eiticiúil de

2.5 Na tionchair dhearfacha agus dhiúltacha a bhíonn ag eagraíocht ar an bpobal ó thaobh cúrsaí eacnamaíochta, sóisialta agus comhshaoil de a iniúchadh

2.6 Tionchar teicneolaíochtaí digiteacha ar eagraíocht a phlé agus díospóireacht a dhéanamh faoin luach saothair agus faoi na costais a bhaineann leo

**GNÉITHE: Scileanna a Úsáid don Ghnó**

*Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:*

2.7 Taighde margaidh a dhéanamh chun deis fiontraíochta a iniúchadh agus anailís a dhéanamh ar thorthaí an taighde, iad a léirmhíniú agus iad a chur in iúl agus úsáid á baint as téarmaíocht agus as léiriúcháin ábhartha

2.8 Cumasc margaíochta a cheapadh agus a chur i bhfeidhm chun táirge nó seirbhís nua nó ceann atá ann cheana a chur chun cinn

2.9 Plean gnó simplí a fhorbairt do tháirge nó do sheirbhís nua nó do cheann atá ann cheana

2.10 Cáipéisí tábhachtacha gnó a úsáideann eagraíocht ar chúinsí cuntasachta chun a cuid idirbheart a bhainistiú, a chur i gcrích agus a léirmhíniú

2.11 Meas a dhéanamh ar a thábhachtaí is atá sreabhadh airgid eagraíochta a phleanáil, foinsí oiriúnacha maoinithe a mholadh chun caiteachas a bhainistiú agus buiséad a ullmhú

2.12 Cuntas airgid a ullmhú chun monatóireacht a dhéanamh ar ioncam a fuair eagraíocht agus ar íocaíochtaí a rinne sí, measúnú a dhéanamh ar a staid airgeadais agus plean gníomhaíochta a mholadh; figiúir a phostáil sna mórleabhair iomchuí agus comhardú trialach a fháil

2.13 Cuntais deiridh a ullmhú chun feidhmíocht airgeadais eagraíochta ag deireadh tréimhse trádála a mheas, anailís agus measúnú a dhéanamh ar a staid airgeadais agus plean gníomhaíochta a mholadh

## Snáithe 3: Ár nGeilleagar

Cuireann Ár ngeilleagar ar chumas an scoláire an caidreamh dinimiciúil idir cúrsaí eacnamaíochta go háitiúil, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta a thuiscint. Forbraíonn sé cumas an scoláire chun bunchoincheapa eacnamaíochta a shainaithint agus a thuiscint faoi mar a bhaineann siad le hairgeadas pearsanta, le fiontraíocht agus le geilleagar na hÉireann. Sa snáithe seo, foghlaimíonn an scoláire faoi éileamh agus soláthar earraí agus seirbhísí, faoi ról an rialtais i mbainistiú an gheilleagair, agus faoi shaincheisteanna eacnamaíochta amhail trádáil, fostaíocht agus ballraíocht na hÉireann san Aontas Eorpach.

**GNÉITHE: Mo Chuid Acmhainní a Bhainistiú**

*Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:*

3.1 Míniú a thabhairt ar an gcaoi a gcaithfidh daoine aonair roghanna a dhéanamh mar gheall ar easpa acmhainní eacnamaíocha; torthaí féideartha na roghanna sin a thuar

3.2 Míniú a thabhairt ar an gcaoi a gcomhoibríonn daoine aonair, eagraíochtaí (eagraíochtaí brabúis agus eagraíochtaí neamhbhrabúis) agus an rialtas le chéile chun acmhainní eacnamaíocha a dháileadh a úsáidtear chun táirgí agus seirbhísí a tháirgeadh

3.3 Measúnú a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir le hathruithe ar sholáthar agus éileamh earraí agus seirbhísí i margaí difriúla tionchar a imirt ar phraghsanna

3.4 Dealú idir foinsí difriúla ioncam rialtais agus caiteachas rialtais

**GNÉITHE: Cúrsaí Gnó a Fhiosrú**

*Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:*

3.5 Feidhm na cánach a scrúdú ó thaobh cúrsaí airgeadais, sóisialta, dlíthiúla agus eiticiúla de

3.6 Míniú a thabhairt ar an gcaoi ar féidir le borradh eacnamaíoch tionchar dearfach agus diúltach a imirt ar an tsochaí agus ar an gcomhshaol agus cur chun cinn na forbartha inbhuanaithe a chosaint

3.7 Díospóireacht a dhéanamh ar na himpleachtaí atá le domhandú na trádála, lena n-áirítear na tairbhí agus na dúshláin don trádáil idirnáisiúnta

3.8 Plé a dhéanamh ar na tairbhí agus ar na dúshláin, idir eacnamaíoch agus shóisialta, a bhaineann le ballraíocht na hÉireann san Aontas Eorpach

**GNÉITHE: Scileanna a Úsáid don Ghnó**

*Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:*

3.9 Oiriúnacht táscairí eacnamaíocha a mhíniú amhail boilsciú, rátaí fostaíochta, rátaí úis, borradh eacnamaíoch, ioncam náisiúnta agus fiacha náisiúnta do dhaoine aonair agus don gheilleagar

3.10 A chuid eolais, agus faisnéis ó fhoinsí éagsúla meán, a úsáid chun saincheisteanna reatha eacnamaíochta a phlé agus tuairim eolasach a chur i láthair

3.11 Measúnú a dhéanamh ar thairbhí agus ar chostais beartas geilleagrach rialtais, agus iad siúd a bhaineann leas as na tairbhí agus iad siúd a bhíonn thíos leis na costais a mheas

***Déan scanadh ar an gCód MF (mearfhreagartha) chun an tSonraíocht don Staidéar Gnó a íoslódáil***

## Seiceáil Isteach:




### 3. Trí Bhealach ar Úsáideadh Am Gairmiúil sa Scoil s'Againn:



### 2. Dhá Smaoineamh a Thriail Mé ón Seisiún Deireanach FGL a bhí Againn:



### 1. Rud amháin a Ba Mhaith liom a Fhoghlaim ón gCnuaslá Seo:



## Córas Nua Grádaithe na Sraithe Sóisearaí

| GRÁD | RAON (%) |
|---|---|
| Gradam | ≥90 go dtí 100 |
| Ardtuillteanas | ≥75 agus <90 |
| Tuillteanas | ≥55 agus <75 |
| Gnóthaithe | ≥40 agus <55 |
| Gnóthaithe go páirteach | ≥20 agus <40 |
| Neamhghrádaithe | ≥0 agus <20 |

**Scrúdú Deiridh**

**Meitheamh 2019**

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
*State Examinations Commission*

## Ceist Shamplach

Is mac léinn é Tomás. Oibríonn sé ar bhonn páirtaimseartha le comhlacht tógála. Cabhraíonn sé leis an mbríceadóireacht agus déanann sé stroighin leis an meascthóir stroighne. Tugadh clogad oibre agus seaicéad sofheicthe dó nuair a thosaigh sé ag obair agus tugadh timpeall an tsuímh thógála é. Bhain cúpla gortú beag dó ar an suíomh. Ní raibh fonn air an méid sin a insint dá fhostóir toisc go bhfaigheann sé pá maith agus go bhfuil sé ag iarraidh a bheith ag obair san earnáil tógála nuair a bhíonn sé críochnaithe sa choláiste. Thit sé de scafall le déanaí tar éis do roinnt dá chomhghleacaithe a bheith ag pleidhcíocht ar an ardán. Níl sé cinnte an bhfuil ábhar gearáin aige.

a) Cén áit ar féidir le Tomás eolas a fháil faoina chearta fostaíochta? Ainmnigh rogha amháin

b) Ón tuiscint atá agat ar chearta fostaíochta, an gceapann tú go bhfuil ábhar gearáin ag Tomás? Tabhair cúis le do fhreagra

# Tacsanomaíocht Bloom i Seomra Ranga an Staidéir Ghnó

| Cuimhniú | Tuiscint | Cur i bhFeidhm | Anailisiú | Meastóireacht | Cruthú |
|---|---|---|---|---|---|
| *Is féidir le scoláirí fíricí a thabhairt chun cuimhne gan tuiscint b'fhéidir, agus is féidir leo buneolas a thabhairt* | *Is féidir le scoláirí tuiscint ar fhíricí agus smaointe a léiriú agus ciall a dhéanamh d'eolas* | *Is féidir le scoláirí eolas agus faisnéis a úsáid i suíomhanna nua agus ar bhealaí éagsúla* | *Is féidir le scoláirí eolas a bhriseadh ina chodanna, fianaise a aimsiú chun tacú le faisnéis, cúiseanna nó fáthanna a shainaithint* | *Is féidir le scoláirí fianaise a úsáid agus a anailísiú chun freagra a mholadh, údar a thabhairt le cur chuige nó le réiteach nó cur ina choinne* | *Is féidir le scoláirí rud éigin nua a phleanáil, a chruthú nó a dhearadh* |
| *Ceistiú Molta* | *Ceistiú Molta* | *Ceistiú Molta* | *Ceistiú Molta* | *Ceistiú Molta* | *Ceistiú Molta* |
| *An féidir leat ... a liostú?*<br>*Ainmnigh...*<br>*Abair ...*<br>*Cad is .. ann?*<br>*Tabhair achoimre...* | *Conas a mhíneofá....?*<br>*Cén sampla a thabharfá de ....?* | *Cad é a tharlódh dá mbeadh....?*<br>*Cad iad na tosca a d'athrófá dá mbeadh....?*<br>*Cad é is féidir leat a úsáid chun a mhíniú...?* | *Cad é an buntéama / an bhunchiall taobh thiar de..?*<br>*An bhfuil an t-eolas bunaithe ar fhíric nó ar thuairim....?*<br>*Cad iad na conclúidí is féidir a bhaint as ...?* | *Ag úsáid an mhéid atá ar eolas agat, conas a mhíneofá....?*<br>*Conas a d'fhéadfá ... a fheabhsú?*<br>*Cad é do bharúil faoi...?*<br>*Cad é a tharlódh dá ...* | *Cad é an réiteach a bheadh ar....?*<br>*Cad é mar a dhéanfá .... a chruthú / a fheabhsú / a fhorbairt?* |
| *Measúnú Féideartha* | *Measúnú Féideartha* | *Measúnú Féideartha* | *Measúnú Féideartha* | *Measúnú Féideartha* | *Measúnú Féideartha* |
| *Luaschártaí*<br><br>*Fíricí a thabhairt chun cuimhne*<br><br>*Meabhairmhapa a dhéanamh d'eochairfhocail na topaice* | *Rólimirt*<br><br>*Meabhairmhapa ag nascadh coincheap agus smaointe*<br><br>*Achoimre nó tuairisc a scríobh* | *Cur i láthair a dhéanamh os comhair an ranga*<br><br>*Cur chuige míreanna mearaí – ag míniú do dhaoine eile*<br><br>*Cás-staidéar* | *Torthaí suirbhé nó taighde a anailísiú*<br>*Graf nó grafaic faisnéise a tharraingt chun eolas a mhíniú*<br>*Fiosrúchán a dhéanamh chun tionchair / costais / buntáistí / tairbhí / sochair srl a shainmhíniú* | *Polasaí / buiséad / cuntas a luacháil*<br><br>*Meabhrú faoi ghrád measúnaithe / aiseolas agus meastóireacht a dhéanamh orthu* | *Blag a scríobh*<br><br>*Feachtas a chruthú (m.sh. margaíocht) nó feachtas ardú feasachta i measc an phobail* |
| *Uirlísí Féideartha Digíteacha* | *Uirlísí Féideartha Digíteacha* | *Uirlísí Féideartha Digíteacha* | *Uirlísí Féideartha Digíteacha* | *Uirlísí Féideartha Digíteacha* | *Uirlísí Féideartha Digíteacha* |
| *(úsáid chuiditheach)*<br>***Wordle*** | *(úsáid chuiditheach)*<br>***Popplet*** | *(úsáid chuiditheach)*<br>***Storyboardthat*** | *(úsáid chuiditheach)*<br>***Survey Monkey (nó a leithéid*** | *(úsáid chuiditheach)*<br>***Punann Dhigíteach (próiseasbhunaithe)*** | *(úsáid chuiditheach)*<br>***Animoto*** |

## Ag obair le Tacsanomaíocht Bloom

### Ceisteanna Éifeachtacha Féideartha

- Inis dom níos mó maidir le …
- Cad é a tharlódh dá mbeadh …..?
- Bheadh suim agam tuilleadh a chloisteáil faoi …….
- Cén dóigh eile ar féidir leat ……….?
- Cén chuid den tsonraíocht lena bhfuil sé seo ag nascadh…..?
- Cén dóigh a ndéanann sé sin measúnú ar an Toradh Foghlama…?

# Sampla Féideartha de Thasc Scoláire-Lárnaithe 1

CÉN DÓIGH AR FÉIDIR AN TASC *SAMPLACH* SEO A FHEABHSÚ?

**Toradh Foghlama:**

3.11 Measúnú a dhéanamh ar thairbhí agus ar chostais beartas geilleagrach rialtais, agus iad siúd a bhaineann leas as na tairbhí agus iad siúd a bhíonn thíos leis na costais a mheas

**Príomhchoincheapa:**

Na tairbhí agus na costais don tír go ginearálta, cíoradh a dhéanamh maidir le cé a bhaineann tairbhe astu, cé air a mbíonn na costais – bunaithe ar thaighde agus ar anailís

Agus an t-eolas ó Intinní Foghlama a tháinig roimhe seo in úsáid agat, scrúdaigh an beartas chun a oibriú amach cé dó a dtéann an beartas chun tairbhe (daoine aonair, grúpaí suime, an rialtas srl.) agus cé atá freagrach as na costais (airgeadais agus eile)

Na tairbhí agus na costais a bhaineann le beartas geilleagrach an rialtais a mheas, cé dó a dtéann na tairbhí chun sochair agus cé a iompraíonn na costais a mheas, agus taighde a dhéanamh orthu sin.

**Intinní Foghlama:**

Táimid ag foghlaim chun-

- Taighde a dhéanamh ar bheartas rialtais
- Tairbhí agus costais beartas geilleagrach rialtais a mheas agus a scrúdú go géar
- Anailís a dhéanamh ar cé a bhaineann tairbhe as sochair bheartas geilleagrach an rialtais
- Iad siúd a iompraíonn costais bheartas eacnamaíoch an rialtais a shainaithint

**Forbhreathnú ar an Tasc:**
Tá scoláirí ag tabhairt faoin tasc seo tar éis staidéar a dhéanamh ar na Torthaí Foghlama uile ar an gcúrsa. Tá taithí acu ag plé beartais gheilleagracha atá sa nuacht reatha agus tá taithí acu ar thaighde a dhéanamh tar éis an póstaer SSM maidir le próiseas taighde a bheith pléite sa rang.

## Briathra Gnímh:

**Measúnaigh (breithiúnas eiticiúil)** fianaise a bhailiú agus a scrúdú chun breithiúnais agus breithmheas a dhéanamh; cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a dtacaíonn nó nach dtacaíonn fianaise le breithiúnas; srianta fianaise i gconclúidí a shainaithint; breithiúnais a dhéanamh faoi smaointe, faoi réitigh nó faoi mhodhanna

**Measúnaigh (sonraí)** sonraí a bhailiú agus a scrúdú chun breithiúnais agus breithmheas a dhéanamh; cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a dtacaíonn nó nach dtacaíonn fianaise le conclúid i bhfiosrúchán nó in iniúchadh; srianta sonraí i gconclúidí a shainaithint; breithiúnais a dhéanamh faoi smaointe, faoi réitigh nó faoi mhodhanna

**Meas** saintréith, cumas, nó cáilíocht ruda a mheasúnú nó breithiúnas a thabhairt ina thaobh

**Breithmheas Scoláíre:**
Oibreoidh na scoláirí i bpéirí chun cur i láthair a dhéanamh dírithe ar thairbhí agus ar chostais beartas eacnamaíoch na hÉireann a thuigeann siad a bheith ag imirt tionchair ar an gceantar áitiúil agus argóintí acu maidir leo siúd a bhaineann leas as na tairbhí agus iad siúd a bhíonn thíos leis na costais. Cuirfear é seo i láthair ó bhéal agus acmhainní tacaíochta dá rogha féin in úsáid acu.

**Critéir Ratha:**
Is féidir liom:

- Beartas geilleagrach Éireannach a imríonn tionchar ar mo cheantar áitiúil a shainaithint
- Taighde a dhéanamh ar bheartas geilleagrach Éireannach reatha agus achoimre a dhéanamh air agus mo chuid foinsí eolais a léiriú.
- Na tairbhí agus na costais a bhaineann leis an mbeartas seo d'Éirinn a thaispeáint
- Argóint a dhéanamh ar a son siúd a bhaineann leas as na tairbhí agus ar a son siúd a bhíonn thíos leis na costais agus míniúchán a thabhairt ar mo thuairim.

**Measúnú Foirmitheach:**
Sula ndéanfaidh siad an cur i láthair os comhair an ranga, oibreoidh péirí scoláirí le péire eile chun aiseolas a thabhairt dá chéile de réir na gcritéar ratha bunaithe ar 'Céard ar éirigh go geal leis ?' agus 'Céard a d'fhéadfaí a fheabhsú ?' Déanfaidh scoláirí machnamh ar an gcur i láthair s'acu maidir leis na critéir ratha.

| Cad é ar éirigh go geal leis? | Cad é a d'fhéadfaí a fheabhsú? |
|---|---|
| | |

*Is ar mhaithe leis an FGL amháin atá an tasc seo chun plé a spreagadh le linn an FGL*

# Sampla Féideartha de Thasc Scoláire-Lárnaithe 2

CÉN DÓIGH AR FÉIDIR AN TASC *SAMPLACH* SEO A FHEABHSÚ?

**Toradh Foghlama:**
3.11 **Measúnú** a dhéanamh ar thairbhí agus ar chostais beartas geilleagrach rialtais, agus iad siúd a bhaineann leas as na tairbhí agus iad siúd a bhíonn thíos leis na costais **a mheas**

**Príomhchoincheapa:**

- Na tairbhí agus na costais don tír go ginearálta, cíoradh a dhéanamh maidir le cé a bhaineann tairbhe astu, cé air a mbíonn na costais – bunaithe ar thaighde agus ar anailís
- Agus an t-eolas ó Intinní Foghlama a tháinig roimhe seo in úsáid agat, scrúdaigh an beartas chun a oibriú amach cé dó a dtéann an beartas chun tairbhe (daoine aonair, grúpaí suime, an rialtas srl.) agus cé atá freagrach as na costais (airgeadais agus eile)
- Na tairbhí agus na costais a bhaineann le beartas geilleagrach an rialtas a mheas, cé dó a dtéann na tairbhí chun sochair agus cé a iompraíonn na costais a mheas, agus taighde a dhéanamh orthu sin.

**Intinní Foghlama:**
Táimid ag foghlaim chun-

- Taighde a dhéanamh ar bheartas rialtais
- Tairbhí agus costais beartas geilleagrach rialtais a mheas agus a scrúdú go géar
- Anailís a dhéanamh ar cé a bhaineann tairbhe as sochair bheartas geilleagrach an rialtais
- Iad siúd a iompraíonn costais bheartas eacnamaíoch an rialtais a shainaithint

**Forbhreathnú ar an Tasc:**
Tá scoláirí ag tabhairt faoin tasc seo tar éis staidéar a dhéanamh ar na Torthaí Foghlama uile ar an gcúrsa. Tá taithí acu ag plé beartais gheilleagracha atá sa nuacht reatha agus tá taithí acu ar thaighde a dhéanamh tar éis an póstaer SSM maidir le próiseas taighde a bheith pléite sa rang.

## Briathra Gnímh:

**Measúnaigh (breithiúnas eiticiúil)** fianaise a bhailiú agus a scrúdú chun breithiúnais agus breithmheas a dhéanamh; cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a dtacaíonn nó nach dtacaíonn fianaise le breithiúnas; srianta fianaise i gconclúidí a shainaithint; breithiúnais a dhéanamh faoi smaointe, faoi réitigh nó faoi mhodhanna

**Measúnaigh (sonraí)** sonraí a bhailiú agus a scrúdú chun breithiúnais agus breithmheas a dhéanamh; cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a dtacaíonn nó nach dtacaíonn fianaise le conclúid i bhfiosrúchán nó in iniúchadh; srianta sonraí i gconclúidí a shainaithint; breithiúnais a dhéanamh faoi smaointe, faoi réitigh nó faoi mhodhanna

**Meas** saintréith, cumas, nó cáilíocht ruda a mheasúnú nó breithiúnas a thabhairt ina thaobh

**Breithmheas Scoláire:**
Oibreoidh scoláirí i ngrúpaí de 3 nó 4 chun póstaer a dhearadh don seomra ranga a dhíríonn ar thairbhí agus/nó ar chostais bheartas geilleagrach rialtais.

**Critéir Ratha**
An rud a dhéanfaidh na scoláirí:

- Póstaer A3 a dhearadh le húsáid sa seomra ranga
- Cinntiú go mbíonn 50% de scríbhneoireacht agus 50% d'íomhánna in úsáid
- Roghnú idir líníochtaí, pictiúir nó grianghraif don ghné fhísiúil
- 200 focal a chur sa scríbhneoireacht
- Aitheantas a thabhairt dá gcuid foinsí taighde

**Measúnú Foirmitheach**
Le linn phróiseas an taighde, sula gcruthaítear an póstaer, beidh scoláirí i ngach grúpa rannpháirteach i 'bpiartheagasc' ag roinnt agus ag míniú a gcuid torthaí le baill eile an ghrúpa. Tabharfaidh baill eile an ghrúpa aiseolas do gach scoláire maidir le torthaí a gcuid taighde.

I ndiaidh a gcuid taighde a dhéanamh, beidh na scoláirí páirteach i gcleachtadh darb ainm 'rollú an dísle' ina n-insíonn siad da gcuid piaraí an áit a bhfuil siad.

1. **Ba mhaith liom cuimhne ar**
2. **Seo rud a d'fhoghlaim mé inniu**
3. **Focal amháin a mhíníonn gach ar fhoghlaim mé**
4. **Rud atá ar eolas agam cheana féin**
5. **Tá mé trína chéile go fóill maidir le**
6. **An splanc thuisceana a bhuail mé**

| Cad é ar éirigh go geal leis? | Cad é a d'fhéadfaí a fheabhsú? |
|---|---|
| | |

*Is ar mhaithe leis an FGL amháin atá an tasc seo chun plé a spreagadh le linn an FGL*

## Ceisteanna le cur san áireamh maidir le Tasc Dearaidh

| | Níl sé seo amhlaidh | Cuid den fhírinne ann | Measartha fíor |
|---|---|---|---|
| **An dtugann dearadh an taisc deis do scoláirí na héachtaí eolais, tuisceana, scileanna agus luachanna atá bainte amach acu i dtaca leis na torthaí foghlama de a thaispeáint?** | | | |
| **An féidir le scoláirí eolas, tuiscint, scileanna agus luachanna a bhaint amach ag leibhéil éagsúla?** | | | |
| **An bhfuil nasc idir na critéir ratha agus an fhoghlaim agus an gcuirtear iad in iúl do na scoláirí?** | | | |
| **An bhfuil an measúnú ag teacht leis an eolas, tuiscint, scileanna agus luachanna sna torthaí foghlama agus sna intinní foghlama?** | | | |
| **An bhfuil deis ann don mheasúnú foirmitheach?** | | | |

## Critéir Ratha do Dhearadh Tasc

Tugann an tasc deis do scoláirí **a gcuid éachtaí a thaispeáint i dtaca le heolas, tuiscint, scileanna agus luachanna ó na torthaí foghlama**

Is féidir leis na scoláirí eolas, tuiscint, scileanna agus luachanna **ag leibhéil éagsúla a bhaint amach**.

Tá **na critéir ratha nasctha leis an bhfoghlaim** agus **pléitear / roinntear iad seo leis na scoláirí.**

Tá **an tasc nasctha** leis an eolas agus an tuiscint, na scileanna agus na luachanna sna **torthaí foghlama agus sna hIntinní Foghlama a théann leo**

Tá deis ann don **mheasúnú foirmitheach.**

## Féininiúchadh ar Chleachtas Measúnaithe: Critéir Ratha a Úsáid

Meabhraigh ar na ráitis thíos agus rangaigh do fhreagra maidir le húsáid na gcritéar ratha chun tacú le teagasc, foghlaim agus measúnú ar scála 1 go 5.

| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 |
|---|---|---|---|---|
| **Annamh** | | **Corruair** | | **I gcónaí** |

| | **Mo Rátáil** |
|---|---|
| *Roinnim na critéir ratha le mo scoláirí nuair a thugaim tascanna/obair i mo rang* | |
| *I mo rang, bíonn na critéir ratha nasctha le hintinní foghlama* | |
| *Bíonn aird agam ar na foghlaimeoirí (réimse cumais / taithí / réamhfhoghlaim) agus mé ag scríobh na gcritéar ratha.* | |
| *Úsáidim teanga a thuigeann / úsáideann na scoláirí agus na critéir ratha á scríobh agam* | |
| *Déanaim cinnte go dtuigeann na scoláirí na critéir ratha go maith* | |
| *Pléim na critéir ratha le mo chuid scoláirí agus aontaímid lena chéile iad* | |
| *Breathnaímid siar ar na critéir ratha le linn na gceachtanna* | |
| *I mo cheachtanna, úsáidtear na critéir ratha chun aiseolas a thabhairt ar thascanna a bhíonn idir lámha acu* | |
| *Úsáidtear critéir ratha i mo cheachtanna chun cabhrú le piarmheasúnú agus / nó le féinmheasúnú* | |

| **Beidh mise ag díriú ar:** | **Sa Roinn Ábhair beimid ag díriú ar:** |
|---|---|
| | |

# Mo Thasc Scoláire-Lárnaithe 1

Is múinteoir Staidéar Gnó don 2ú Bliain tú. D'úsáid an Roinn Staidéar Gnó i do scoilse roinnt dá gcuid am gairmiúil agus phleanáil sibh cuid de na hAonaid Foghlama seo a leanas i gcuideachta a chéile.

***Aonaid Foghlama:***
*2.6 –Tionchar teicneolaíochtaí digiteacha ar eagraíocht a phlé agus díospóireacht a dhéanamh faoin luach saothair agus faoi na costais a bhaineann leo*

**Mar Roinn, spíon sibh amach na torthaí foghlama agus sainaithin sibh iad seo a leanas mar phríomhchoincheapa:**

Príomhchoincheapa:

- Teicneolaíochtaí éagsúla digiteacha a shainaithint
- Na tairbhí gnó a bhaineann leo a fhiosrú
- Dul chun cinn reatha maidir le teicneolaíocht agus treochtaí a iniúchadh
- Anailís a dhéanamh ar luach saothair agus ar na costais a bhaineann leo

**Rinne tú féin agus do chomhghleacaithe sa Roinn Staidéar Gnó achoimre ar eispéiris foghlama fhéideartha ina bhféadfadh scoláirí a bheith rannpháirteach chun príomhscileanna a fhorbairt, agus a d'fhéadfadh deiseanna a chruthú don Mheasúnú Foirmitheach:**

Eispéiris Foghlama Fhéideartha:

- Múinteoir – scoláirí a ghríosú le ceisteanna chun réamheolas a nochtadh
- Grúpaí – Seomra Ranga Inbhéartaithe - taighde
- Grúpaí – Taighde & cur i láthair ranga – breathnaíonn an múinteoir
- Rang – Díospóireacht siúil ar luach saothair agus ar chostais

Intinní Foghlama:

1. Teicneolaíochtaí digiteacha a shainaithint is féidir le Comhlacht Ilnáisiúnta a úsáid

2. Na deiseanna a chuireann na teicneolaíochtaí seo ar fáil don Ghnó a phlé.

3. Na tairbhí a bhaineann le húsáid na teicneolaíochta digití do Ghnó a léiriú.

4. Breac-chuntas a thabhairt ar na costais a bhaineann le teicneolaíocht dhigiteach a úsáid do Ghnó.

# Mo Thasc Scoláire-Lárnaithe 2

Is múinteoir Staidéar Gnó sa 2ú Bliain tú. D'úsáid an Roinn Staidéar Gnó i do scoilse roinnt dá gcuid am gairmiúil agus phleanáil sibh cuid de na hAonaid Foghlama seo a leanas i gcuideachta a chéile.

***Aonad Foghlama:***

*2.3 – Dealú idir fostaíocht, obair agus saorálaíochas; agus gnéithe, tairbhí, luach saothair agus gairmeacha laistigh díobh uile a aithint agus cur síos a dhéanamh orthu*

**Mar Roinn, spíon sibh amach na torthaí foghlama agus sainaithin sibh iad seo a leanas mar phríomhchoincheapa:**

Priomhchoincheapa:

- Fostóir agus fostaí, saorálaíochas
- Tairbhí don todhchaí
- Luach saothair, tuarastal, tascráta, tairbhí agus sochair do chách
- CV, foirmeacha iarratais

**Rinne tú féin agus do chomhghleacaithe sa Roinn Staidéar Gnó achoimre ar eispéiris foghlama fhéideartha ina bhféadfadh scoláirí a bheith rannpháirteach chun a gcuid príomhscileanna a fhorbairt, agus a d'fhéadfadh deiseanna a chruthú don Mheasúnú Foirmitheach:**

Eispéiris Foghlama Fhéideartha:

- Múinteoir – scoláirí a ghríosú le ceisteanna chun réamheolas a nochtadh
- Grúpaí – Taighde agus píarcheistiú ina dhiaidh
- Rang – Cuairt ar Ghnó áitiúil. Seisiún C&F
- Rang – Cuairt ó shaorálach chuig an seomra ranga. Seisiún C&F

**Intinní Foghlama:**

1. An difear idir 'fostaíocht', 'obair' agus 'saorálaíochas' a léiriú agus an luach saothair a bhaineann le gach ceann acu a shainaithint.

2. An ról dearfach a imríonn 'fostaíocht', 'obair' agus 'saorálaíochas' ar dhaoine aonair, ar an bpobal agus ar an eacnamaíocht.

3. Deiseanna gairme a d'fhéadfadh eascairt as saorálaíochas.

| Do Thasc Scoláire-Láraithe a Scafláil | |
|---|---|
| Breac-chuntas ar Mheasúnú Scoláire: Cad é is féidir le scoláirí a rá, a chruthú, a scríobh nó a dhéanamh chun a gcuid foghlama a léiriú? | |
| Ba mhaith liom go dtabharfadh na critéir ratha aghaidh ar: | Conas a dhéanfar na critéir ratha a chomhthógáil leis na scoláirí nó conas a roinnfear leo iad? |
| Deiseanna i gcomhair measúnú foirmitheach: | |
| Machnamh an Mhúinteora agus Nótaí: | |

# Dearcadh an tuismitheora ar Mheasúnú Foirmitheach

Tá róil éagsúla ag tuismitheoirí, scoláirí agus múinteoirí sa pháirtnéireacht agus ba mhaith leo uile rudaí éagsúla ón bpáirtnéireacht chun na róil sin a léiriú. De ghnáth, is gá do thuismitheoirí i bhfad níos mó eolais a fháil ón múinteoir ná a bheadh an múinteoir a iarraidh ón tuismitheoir. Má bhíonn páirtnéireacht éifeachtach foghlaim-bhunaithe idir múinteoirí, scoláirí agus tuismitheoirí, ansin beidh rudaí áirithe ar eolas ag gach duine acu:

*Beidh a fhios ag na tuismitheoirí*

- An méid atá an scoil agus an tuismitheoir ag iarraidh a bhaint amach
- An tábhacht ar leith a chuireann an múinteoir le hoideachas a bpáiste agus go bhfuil sé/sí tiomanta chun cibé atá riachtanach a dhéanamh chun go bhfoghlaimeodh a bpáiste
- Go ndéanann an scoil obair ar son an pháiste ar bhonn laethúil

*Ba mhaith le tuismitheoirí fios a bheith acu*

- Go bhfuil a bpáiste sábháilte, sona agus ag foghlaim ar scoil
- Go mothaíonn a bpáiste go mbíonn meas air, go nglactar leis agus go mothaíonn sé mar chuid den rang/scoil
- Go bhfuil ionchais arda ag an múinteoir do chumas an pháiste chun bheith ag foghlaim
- Go mbíonn an múinteoir freagrach as cáilíocht an teagaisc, na foghlama agus as éachtaí an scoláire agus nach gcuireann sé / sí locht ar na tuismitheoirí as lagfhoghlaim a gcuid páistí
- An rud atá á theagasc - ón phictiúr mór go dtí an pictiúr beag; tá dualgas ar an scoil an curaclam náisiúnta a chur ar fáil
- Conas a theagasctar an curaclam: Caithfidh fios a bheith ag tuismitheoirí cén cur chuige oideolaíoch a úsáideann an scoil agus cén fáth a n-úsáidtear é
- Conas is féidir leo tacú leis na páistí; caithfidh an múinteoir agus an scoil a bheith soiléir maidir leis an dóigh ar mhaith leo na tuismitheoirí tacú le teagasc agus le foghlaim agus ba chóir é sin a éascú do thuismitheoirí nó cabhrú leo foghlaim chun é sin a dhéanamh.
- Conas a chuireann an scoil dul chun cinn agus gnóthachtáil in iúl; an rud is tábhachtaí ar fad, ba mhaith le tuismitheoirí fios a bheith acu conas atá a bpáiste ag léiriú dul chun cinn

**Absolum M. (2011), Clarity *in the Classroom- Using Formative Assessment for Building Learning - 'Caibidil 10 Building Partnerships with Family' (Lch.202-303)***

| **Príomhphointí ón léitheoireacht:** | **Smaoiním ar:** |
| --- | --- |
| | |

# Guth an scoláire sa Mheasúnú Foirmitheach

***Taighde a rinneadh mar chuid den tionscadal Erasmus + ATS2020 i scoileanna in Éirinn le scoláirí na Sraithe Sóisearaí***

**Scoil A:**
Thug an múinteoir aiseolas dúinn le linn dúinn a bheith ag obair inár ngrúpaí sa seomra ranga. Thug sí táblaí dúinn agus chuir ceisteanna orainn faoin obair a rinne muid agus bhí deis againn ceisteanna a chur chomh maith. Bhí seo go maith cionn is nach raibh ort ceist a chur os comhair an ranga uile. Bhí dúil agam ann freisin cionn is gur éirigh níos fearr liom leis an obair baile. Sílim gur thuig mé níos fearr an rud a bhí le déanamh agam.

**Scoil B:**
Bhí sé go maith deis a bheith agat machnamh ar na marcanna a fuair tú ar scrúduithe agus ar tionscadail. Roimhe seo, nuair a fuair mé mo scrúdú ar ais, dúirt mé – oh yeah - Ok - Fuair mé B nó cibé rud. Nuair a d'fhoghlaim muid chun machnamh a dhéanamh ar na gráid, thug sin orainn a bheith ag smaoineamh faoi na cúiseanna ar tugadh an grád sin duit. Roimhe seo, ba ghnách liom é a chaitheamh i mo mhála scoile agus dearmad a dhéanamh air ach anois breathnaím air, feicim conas a d'éirigh go maith liom agus cad é mar a thiocfadh liom a bheith níos fearr. Chabhraigh sin liom mo chuid laigí a fheiceáil sa chaoi go dtiocfadh liom a bheith ag iarraidh feabhsú.

**Scoil C:**
Chabhraigh an machnamh ar mo chuid foghlama sna ceachtanna sin liom feabhsú go cinnte. Leag muid spriocanna romhainn agus rinne muid machnamh conas a d'ullmhaigh muid agus ansin chuir muid é sin i gcomparáid leis an aiseolas a thug an múinteoir dúinn. Chaith muid beagán ama ag tús gach ceachta ag machnamh ar an gceacht a tháinig roimhe agus chabhraigh sin linn dá mbeadh ceisteanna ar bith faoi rud ar bith nach raibh tú cinnte faoi.

**Scoil D:**
Nuair a thugann an múinteoir aiseolas dúinn, roghnaíonn sé roinnt rudaí a rinne muid go maith agus rudaí eile a d'fhéadfaimis a dhéanamh níos fearr. Corruair, tugann sé orainn rudaí a rinne muid go maith agus rudaí a thiocfadh linn a dhéanamh níos fearr a aimsiú trí bhreathnú ar na critéir ratha don obair sin. Tá sé sin iontach maith mar is léir dom ansin an rud atá le déanamh agam chun go n-éireoidh níos fearr liom.

| **Príomhphointí ón léitheoireacht:** | **Smaoiním ar:** |
|---|---|
| | |

# Guth an mhúinteora sa Mheasúnú Foirmitheach

***Taighde a rinneadh mar chuid den tionscadal Erasmus + ATS2020 i scoileanna in Éirinn le scoláirí na Sraithe Sóisearaí***

**Scoil A:**
Mar sin de, thug an t-aiseolas deis do scoláirí feiceáil don chéad uair riamh go raibh siad ag déanamh dul chun cinn. Níor bhain sé le bogadh ó 50% go 60%, ach bhain sé le feabhsú agus dul i dtreo barr feabhais. Chabhraigh sé sin chun an fhoghlaim a chur chun cinn do gach scoláire agus gach scoláire a bheith freagrach as a chuid féin foghlama ar deireadh.


Rinne muid an-iarracht tuismitheoirí a dhéanamh rannpháirteach trí theicneolaíocht a úsáid – mar sin de, mar shampla, nuair a bhí topaic ar siúl amhail tomhaltóir, chuir muid é sin in iúl do thuismitheoirí agus rinne muid iarracht iad a dhéanamh rannpháirteach freisin go mbeadh siad ag cur ceisteanna. Chabhraigh an t-athmhachnamh leis na scoláirí a bheith níos eolasaí faoin rud a bhí siad a fhoghlaim agus ní amháin an rud a bhí siad a fhoghlaim ach an dóigh ar fhoghlaim siad é agus an dóigh is fearr ar fhoghlaim siad.

**Scoil B:**
Tógann sé am aiseolas a thabhairt. Chun an fhírinne a dhéanamh, scanraigh sé ar dtús mé mar bhí mé buartha faoin ualach oibre a bhain leis. Anois déanaim iarracht aiseolas a thabhairt nuair atá siad ag dul isteach sa seomra ranga, agus cuirim ceisteanna chun seiceáil isteach agus chun fáil amach go dtuigeann siad agus éistim leis an gcomhrá a bhíonn ar siúl le linn obair ghrúpa nó smaoinigh - péireáil - roinn. Tugaim aiseolas scríofa ó am go chéile agus déanaim iarracht díriú ar rud a rinne siad go maith, rud a thiocfadh leo a dhéanamh níos fearr agus ansin tugaim roinnt leideanna chun feabhsú. Oibríonn an meascán d'aiseolas ó bhéal agus scríofa go maith agus feicim níos mó dul chun cinn sna scoláirí. Más féidir liom a léiriú dóibh cén chaoi chun feabhsú is amhlaidh is éifeachtaí an t-aiseolas.

**Scoil C:**
Fuair mé amach gurb éifeachtaí i bhfad machnamh an scoláire a cheangal leis an aiseolas ná aiseolas amháin a thabhairt. Bhain mé triail as dóigheanna éagsúla chun é sin a dhéanamh. Mar sin de, nuair a thug mé aiseolas scríofa thug mé beagán ama do na scoláirí ag tús an cheachta an chéad lá eile chun na tuairimí a léamh agus ceisteanna a chur orm dá mbeadh sin de dhíth orthu. D'iarr mé orthu fosta spriocanna nua a leagan amach dóibh féin bunaithe ar an aiseolas a thug mé dóibh agus chabhraigh sé sin cuid mhór mar bhí a sprioc féin ag gach scoláire ansin. Rud eile a thriail mé dathchódú – d'aibhsigh mé rud maith le dath glas agus ansin d'iarr orthu a rá cén fáth a raibh sin maith agus d'úsáid mé dath oráiste chun rud a bhí le feabhsú a aibhsiú agus ansin bhí orthusan a rá cén fáth a raibh sé le feabhsú acu.


| **Príomhphointí ón léitheoireacht:** | **Smaoiním ar:** |
|---|---|
| | |

## Cén chaoi a dtacaíonn Teagasc, Measúnú agus Foghlaim le Folláine?




https://www.ncca.ie/media/2487/wellbeingguidelines_forjunior_cycle.pdf

# MRB 2: An Próiseas




## Cur i Láthair: Na hábhair a d'fhéadfadh a bheith i gceist

### Na hábhair a d'fhéadfadh a bheith i gceist:

- Cuairt allamuigh ar fhiontar áitiúil
- Iniúchadh ar scéal sna meáin a bhaineann le cúrsaí gnó
- Ceannairí i réimse gnó na hÉireann
- Iniúchadh ar thionchar eagraíochta ar phobal
- Tomhaltachas
- Iniúchadh ar shaincheist eacnamaíoch reatha
- Gairmeacha beatha i gcúrsaí gnó

Tabhair faoi deara: D'fhéadfadh an scoláire rogha a dhéanamh staidéar a dhéanamh ar shaincheist **a bhfuil tábhacht phearsanta** nó **áitiúil** léi, ar an gcuntar go mbaineann sí leis an timpeallacht ghnó.

*Treoirlínte do na Measúnuithe Rangbhunaithe agus don Tasc Measúnaithe lch 22*

# Na Gnéithe Cáilíochta: MRB 2 (Cur i láthair)

## Na Gnéithe Cáilíochta: Cur i láthair

**Thar barr ar fad**

- Taispeánann an scoláire deisbhéalaí agus muinín ó thaobh na cumarsáide de, léiríonn sé eolas fíorchuimsitheach ar an ábhar, agus tá struchtúr an chuir i láthair an-mhaith.
- Taispeántar cruthaitheacht san ábhar tacaíochta a roghnaíodh agus baintear leas an-éifeachtach as chun an lucht féachana a mhealladh.

Tá machnamh an scoláire ar an ábhar ar chaighdeán den scoth, léirítear go soiléir an chaoi ar fhorbair nó ar athraigh tuairim an scoláire de réir a chéile.

**Os cionn na n-ionchas**

- Déanann an scoláire cumarsáid shoiléir, inniúil agus mhuiníneach, léiríonn sé eolas an-mhaith ar an ábhar, agus tá struchtúr an chuir i láthair go maith.
- Tá an t-ábhar tacaíochta roghnaithe go maith chun spéis a mhúscailt sa lucht féachana, taispeántar roinnt cruthaitheachta.

Tá machnamh an scoláire ar an ábhar ar chaighdeán an-ard.

**Ag teacht leis na hionchais**

- Déanann an scoláire cumarsáid mhaith, léiríonn sé eolas an-mhaith ar an ábhar, ach níl dóthain muiníne aige agus tá an cur i láthair doiléir in áiteanna.
- Tá an t-ábhar tacaíochta a roghnaíodh oiriúnach ach ní bhaintear leas iomlán as.

Taispeánann an scoláire go bhfuil sé in ann machnamh a dhéanamh ar a dhearcadh féin ar an ábhar.

**Níor chomhlíon na hionchais go fóill**

- Ní dhéanann an scoláire cumarsáid go soiléir ná go muiníneach, léiríonn sé eolas an-teoranta ar an ábhar, agus níl struchtúr an chuir i láthair go maith.
- Úsáidtear an t-ábhar tacaíochta a roghnaíodh ar bhealach bunúsach.

Tá machnamh an scoláire ar an ábhar caol agus ar dhroch-chaighdeán.

**Acmhainní do MRB 2**

<table>
<tr><th>Na Gnéithe Cáilíochta do Chur i Láthair MRB 2</th><th>Nótaí</th></tr>
<tr><td>Thar barr ar fad<br>▪ Taispeánann an scoláire deisbhéalaí agus muinín ó thaobh na cumarsáide de, léiríonn sé eolas fíorchuimsitheach ar an ábhar, agus tá struchtúr an chuir i láthair an-mhaith.<br>▪ Taispeántar cruthaitheacht san ábhar tacaíochta a roghnaíodh agus baintear leas anéifeachtach as chun an lucht féachana a mhealladh.<br>▪ Tá machnamh an scoláire ar an ábhar ar chaighdeán den scoth, léirítear go soiléir an chaoi ar fhorbair nó ar athraigh tuairim an scoláire de réir a chéile.</td><td rowspan="4">Cumarsáid:<br><br>Acmhainní Tacaíochta:<br><br>Athmhachnamh ar Thaighde:</td></tr>
<tr><td>Os cionn na n-ionchas<br>▪ Déanann an scoláire cumarsáid shoiléir, inniúil agus mhuiníneach, léiríonn sé eolas anmhaith ar an ábhar, agus tá struchtúr an chuir i láthair go maith.<br>▪ Tá an t-ábhar tacaíochta roghnaithe go maith chun spéis a mhúscailt sa lucht féachana, taispeántar roinnt cruthaitheachta.<br>▪ Tá machnamh an scoláire ar an ábhar ar chaighdeán an-ard.</td></tr>
<tr><td>Ag teacht leis na hionchais<br>▪ Déanann an scoláire cumarsáid mhaith, léiríonn sé eolas an-mhaith ar an ábhar, ach níl dóthain muiníne aige agus tá an cur i láthair doiléir in áiteanna.<br>▪ Tá an t-ábhar tacaíochta a roghnaíodh oiriúnach ach ní bhaintear leas iomlán as.<br>▪ Taispeánann an scoláire go bhfuil sé in ann machnamh a dhéanamh ar a dhearcadh féin ar an Ábhar</td></tr>
<tr><td>Níor chomhlíon na hionchais go fóill<br>▪ Ní dhéanann an scoláire cumarsáid go soiléir ná go muiníneach, léiríonn sé eolas an-teoranta ar an ábhar, agus níl struchtúr an chuir i láthair go maith.<br>▪ Úsáidtear an t-ábhar tacaíochta a roghnaíodh ar bhealach bunúsach.<br>▪ Tá machnamh an scoláire ar an ábhar caol agus ar dhroch-chaighdeán.</td></tr>
<tr><td colspan="2">Leibhéal Gnóthachtála - is fearr a oireann, breithiúnas cothrom:</td></tr>
</table>

## Cur i Láthair an Scoláire – Machnamh ar an nGníomhaíocht

Cén dóigh ar athraigh an ghníomhaíocht seo an chaoi a smaoiním ar an topaic seo?

Ag machnamh ar mo chuid ullmhúcháin don Chur i Láthair, an ndearna mé gach rud a thiocfadh liom chun déanamh réidh maidir leis na Gnéithe Cáilíochta?

Dá mbeinn le dul siar chuig an chur i láthair amach anseo, cad é a dhéanfainn go difriúil? Cén fáth?

Ar thug an cur i láthair seo orm a bheith ag iarraidh níos mó a fhoghlaim maidir leis an topaic seo? Cén fáth?

An é mo mheas gur féidir leis an eolas a chuir mé i láthair tionchar a imirt ar dhaoine eile?

## Cad é an t-aiseolas a thabharfá don scoláire seo ar a chuid oibre?

| |
|---|
| |
| |
| |

# Pointí an Chompáis: Tuairimí a Mheas

- Cabhraíonn siad le scoláirí topaic a mheas ó thuiscintí eile agus taobhanna éagsúla smaoinimh a fhiosrú roimh sheasamh a thógáil agus tuairim a nochtadh.

- Cabhraíonn Pointí an Chompáis le scoláirí codanna dearfacha agus diúltacha topaice a fhiosrú chun teacht ar áiteanna a bhfuil tuilleadh eolais de dhíth, in áit iarraidh ar scoláirí go díreach cairt ar son agus in aghaidh topaice a dhéanamh.

- Nuair a iarrann tú ar scoláirí a oibriú amach cad iad na rudaí a spreagann iad, a chuireann isteach orthu agus cad é an t-eolas atá de dhíth orthu don topaic, thig leo ansin 'cinneadh a dhéanamh' faoin dóigh le dul chun cinn leis na céimeanna atá riachtanach chun eolas a bhailiú.

| | | |
|---|---|---|
|   | Cad é a spreagann thú?<br><br>Cad é a bhfuil suim agat ann maidir leis an topaic seo?<br><br>Cad é atá dearfach faoi? | Mo Thuairimí: |
|   | Cad é a chuireann imní ort maidir leis an topaic seo?<br><br>Cad é atá diúltach faoi?<br><br>Cad é a bhíonn ag déanamh buartha duit? | Mo Thuairimí: |
|   | Cad é eile ar chóir fios a bheith agat faoi maidir leis an topaic?<br><br>Cad é a chabhródh leat d'intinn a dhéanamh nó tuairim a bheith agat? | Mo Thuairimí: |
|   | Cad é a shíleann tú faoi láthair? Cén seasamh atá agat?<br><br>Cad iad na chéad chéimeanna eile a ba chóir duit a thógáil? | Mo Thuairimí: |

http://pz.harvard.edu/resources/compass-points

# Smaointeoireacht T-Chairt

| Rud a d’aimsigh mé le linn mo thaighde | Tugann sin orm meabhrú faoi |
| --- | --- |

**Réabhlóid na feirmeoireachta cliste – conas a athróidh an teicneolaíocht saol feirmeoirí**

**Tá athrú mór eile talmhaíochta ar tí tarlú agus beidh sé á thiomáint ag sonraí, dróin agus innealra uathoibrithe**

'Tá mé ar tí gamhain a thabhairt ar an saol. Tabhair isteach sa bhóitheach mé le do thoil?" – Is teachtaireacht choitianta téacs í seo a gheobhaidh feirmeoirí ó na ba i gceann seacht mbliana, a mhaígh eolaí ceannródaíocht ríomhaireachta. De réir mar a théann an fheirmeoireacht chliste chun cinn, deir an Dr Peadar Ó Maonaigh, comhalta sinsearach taighde i Roinn na Ríomheolaíochta ag Ollscoil Mhá Nuad, deir sé go gcaithfidh feirmeoirí intinn s'acu a oscailt chuig 'feirmeoireacht foinse oscailte'.
Beidh ríomhphoist ann go bhfuil bó i ndiaidh imeacht ó thréad nó go bhfuil gamhain ag streachailt agus casacht aisteach uirthi i rith na hoíche, tarracóirí gan tiománaí ag scaipeadh aoiligh ar bhealach áirithe, deir Ó Maonaigh go bhfuil lá na chéad réabhlóide talmhaíochta eile buailte linn.
"Ba é an chéad réabhlóid talmhaíochta nuair a d'éirigh an fear as a bheith ina shealgaire/cnuasaitheoir agus thriail sé ainmhithe a fhiosrú agus barraí a chur."

https://www.independent.ie/business/farming/machinery/the-smart-farming-revolution-how-technology-will-change-farmers-lives-35427873.html

# Is féidir go bhfuil leibhéal níos airde astaíochtaí díobhálacha díosail ann ná a shílimid

Maíonn fíorshuirbhé go bhfuil astaíochtaí ó ghluaisteáin díosail sa domhan seo os cionn na dteorainneacha ceadaithe.

Ó chéadchuala an pobal faoi scannal na n-astaíochtaí díosail, tá lucht déanta gluaisteán ar fud an domhain ag iarraidh a chur ina luí orainn gur féidir leis na hinnill díosail a thagann le rialacháin na n-astaíochtaí oifigiúla, gan aon bhogearraí séiteoireachta, gur féidir leo a bheith chomh glan agus a theastaíonn uairnn, agus chomh glan le gluaisteán peitril.
Maíonn suirbhé nua, bunaithe ar astaíochtaí fíora a chonacthas ar fud an domhain, nach bhfuil sé sin fíor agus go bhfuil na hastaíochtaí díobhálacha gáis, go háirithe ocsaídí dochracha nítrigine (NOx) i bhfad níos airde sa domhan fíor ná a bhíonn siad i saotharlann, fiú amháin maidir leis na gluaisteáin a chloíonn leis na rialúcháin.

https://www.irishtimes.com/life-and-style/motors/noxious-diesel-emissions-may-be-higher-than-we-think-1.3584363

## Dátaí Tábhachtacha MRB 2 2018

| | |
|---|---|
| MRB 2 (2018) | Tréimhse thrí seachtaine idir 12 Samhain go dtí 7 Nollaig 2018. (An dáta deiridh a bhronnfaidh an múinteoir tuairiscín sealadach - Dé Luain, 17 Nollaig ) |
| An Tasc Measúnaithe: | Socraithe ag CNCM. Curtha i gcrích 10 - 14 Nollaig 2018. Measúnú déanta ag CSS |
| AFMÁ | Curtha i gcrích roimh Dé hAoine, 21 Nollaig 2018 |

## Dátaí Tábhachtacha MRB 1 2019

| | |
|---|---|
| MRB 1 (2019) | Tréimhse cheithre seachtaine Dé Luain, 4 Márta go dtí Dé hAoine, 12 Aibreán 2019 |
| Tuairiscíní Sealadacha | Dé hAoine, 3 Bealtaine 2019 |
| AFMÁ | Curtha i gcrích roimh 10 Bealtaine 2019 |

# Beartais Úsáid Inghlactha agus Obair Scoláire a Stóráil

Le linn aistear na Sraithe Sóisearaí s'acu, is féidir le scoláirí obair a dhéanamh iad féin agus í a stóráil ar líne nó is féidir lena gcuid múinteoirí an obair a dhéanann siad a thaifead agus a stóráil m.sh. MRB 2 (Cur i láthair) i Staidéar Gnó.

I ngach cás ní mór do mhúinteoirí agus do scoileanna gníomhú de réir Pholasaí um Úsáid Inghlactha (PÚI) na scoile. Caithfidh treoirlínte um shonraí agus chosaint leanaí a bheith ar eolas agus i gceist in PÚI na scoile. Bíonn a ról féin le comhlíonadh, i dtaca le taifead agus stóráil shábháilte obair scoláirí, acu seo uile: Boird Bhainistíochta, Bainistíocht Scoile agus foireann teagaisc.

Leagtar amach i Rannán 1.13.2 de na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí na dualgais a bhaineann le 'rialaitheoirí sonraí' agus luaitear ann i ndáil leis na hAchtanna 1988 agus 2003 um Chosaint Sonraí "go n-éilítear ar rialaitheoirí sonraí agus ar phróiseálaithe sonraí na sonraí a choimeádann siad a chosaint, agus leagtar dualgas speisialta cúraim orthu i ndáil leis na daoine a gcoimeádann siad sonraí orthu." (lch. 12)

Roinnt de na Ceisteanna Coitianta a bhaineann le PÚInna ag https://www.webwise.ie.

## Sábháilteacht ar líne

Lena chois sin uile, cuireann *webwise* réimse eolais agus acmhainní oideachais saor in aisce ar fáil, acmhainní a thugann aghaidh ar neart ceisteanna a bhaineann le sábháilteacht ar líne agus a mbeadh suim ag múinteoirí agus ag scoileanna araon iontu atá ag tabhairt faoina leithéidí sin.


# Uirlisí Measúnaithe an CNCM




**https://www.ncca.ie/en/junior-cycle/assessment-and-reporting/focus-on-learning**

# Gabh ar ár Liosta Seachadta




# Nótaí

# Athmhachnamh ar an lá

| |
|---|
| **Rud amháin a d'fhoghlaim mé inniu nach raibh ar eolas agam roimhe** |
| **Rud amháin a rachaidh chun tairbhe do mo theagasc agus don fhoghlaim i mo sheomra ranga** |
| **Rud amháin a thabharfaidh mé ar ais chuig mo Roinn Ábhair** |

# Nótaí

**Sonraí Teagmhála**

Oifig Riaracháin:

Ionad Oid. Mhuineacháin,

Bóthar Ard Mhacha,

Muineachán.

www.metc.ie

Gach fiosrúchán chuig:

info@jct.ie

Oifig an Stiúrthóra:

BOOLM,

Sráid an tSéipéil,

Dún Dealgan.

**Suíomh Úsáideach:**

www.jct.ie; www.juniorcycle.ie; www.ncca.ie; www.curriculumonline.ie; www.schoolself-evaluation.ie

#JCTBusSt

Lean muid ar Twitter @JCforTeachers

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

Junior CYCLE for teachers